Department of Education
www.deni.gov.uk
An Roinn Oideachais
Ministry of Learning

TEIMPLÉAD SCAGTHA COMHIONANNAIS AGUS CHEARTA AN DUINE

An tAonad Treorach Chomhionannais agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Ráth Gael
Folíne 59686/59472
equality@deni.gov.uk

TEIMPLÉAD SCAGTHA

TEIMPLÉAD SCAGTHA

Féach na Treoirnótaí Teimpléad Scagtha le haghaidh tuilleadh eolais ar 'cad chuige', 'cad é', 'cá huair' agus 'cé' maidir le scagadh. Maidir le heolas cúlra ar an reachtaíocht ábhartha agus le cuidiú leat na ceisteanna ar an teimpléad seo a fhreagairt (lean na naisc).

(1) EOLAS FAOIN PHOLASAÍ/CINNEADH

1.2 <u>Cur síos ar pholasaí/cinneadh</u>

- **cad é atá sé ag iarraidh a bhaint amach? (aidhmeanna/cuspóirí)**
- **cad é mar a bhainfear amach é? (bunghnéithe)**
- **cad iad na bunchonstaicí? (m.sh. airgeadas, reachtaíocht)**

Cuirtear páistí a bhfuil ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu in iar-bhunscoil a meastar a bheith fóirsteanach dóibh trí athbhreithniú ar a ráiteas agus ar a riachtanais oideachais. Faoi láthair, bíonn gach páiste eile san iomaíocht, dáiríre, maidir le háiteanna in iar-bhunscoileanna tríd an ghnáthphróiseas iarratais agus trí na critéir iontrála. Tá an gnáthphróiseas seo, do pháistí nach bhfuil ráiteas acu, ann do pháistí a meastar nach gá socrúchán iar-bhunscolaíochta a fháil dóibh dá riachtanais oideachais.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil easpa sa phróiseas reatha iontrála iar-bhunscolaíochta: d'fhéadfadh páistí gan ráiteas a mheas mar pháistí a bhfuil riachtanais oideachais acu nach gá socrúchán ar leith iar-bhunscolaíochta a fháil doibh ina leith, ach tig leo, go heisceachtúil, riachtanas doshéanta de chineál eile a bheith acu ar áit ar iar-bhunscoil áirithe. Is tríd an ghnáthphróiseas iontrála amháin a thig le páistí den chineál seo dul san iomaíocht le haghaidh áite san iar-bhunscoil áirithe seo. Ciallaíonn sé seo gur féidir nach n-éireoidh leo áit a fháil sa scoil áirithe seo agus caithfear aghaidh a tabhairt ar an fhadhb seo. Is iarracht é cruthú an phróisis cúinsí eisceachtúla leis an fhadhb a réiteach. Dóigh a bheidh ann lena chinntiú go dtig le hiar-bunscoil áit a thabhairt do pháistí gan ráiteas, a bhfuil riachtanas eisceachtúil de shórt eile acu, d'ainneoin go bhfuil riachtanais oideachais acu nach gá socrúchán iar-bhunscolaíochta ar leith a fháil dóibh, a fhágann gur gá áit a thabhairt dóibh san iar-bhunscoil áirithe sin.

Faoi Airteagal 16A den Ordú (TÉ) Oideachais 1997 (mar a leasaíodh), tá de dhualgas ar an Roinn Oideachais próiseas a bhunú trína dtig le tuismitheoirí iarratas a chur chuig Binse Cúinsí Eisceachtúla maidir le treoir dá páiste áit a fháil san iar-bhunscoil áirithe a gcaithfidh siad freastal uirthi ar chúiseanna eisceachtúla. Tá de dhualgas ar an Roinn fosta Rialúcháin a dhéanamh le nós imeachta agus bunreacht na mBinsí seo a rialú agus le sainmhíniú a thabhairt ar 'cúinsí eisceachtúla'. Comhlíonann an Roinn an dualgas sin trí dhréachtú Rialúcháin (TÉ) Iontrálacha Scoile (Cúinsí Eisceachtúla) 2010. Tá an Roinn freagrach as an phróiseas a rialú ach i dtéarmaí praiticiúla, bunófar ESA faoin am a ndéanfar na rialúcháin agus is é a bheidh freagrach as na socruithe a dhéanamh a chuirfidh ar chumas tuismitheoirí cur isteach ar Bhinse Cúinsí Eisceachtúla. De réir an dlí, ní mór an áis iarratais ar Chúinsí Eisceachtúla a bhunú agus bheith reidh le hiarratais a bhaineann le hiontrálacha a éisteacht le teacht i bhfeidhm i ndiaidh lúil 2010. Tá de dhualgas ar an Roinn a chinntiú go ndéanfar na Rialúcháin a cheadaíonn Binsí a bhunú a luaithe agus is féidir, agus tráth nach moille ná Mí na Nollag 2009 (ar lean thall). Is dóchúil go mbeidh ar na Binsí Cúinsí Eisceachtúla líon mór iarratas a bhainistiú. Ní éireoidh ach le beagán de na hiarratais seo sa deireadh thiar ach d'fhéadfadh an líon seo bac a chur ar na hiarratais uile a phróiseáil in am. Caithfidh na Binsí bheith in ann cinntí cothroma trédhearcacha a dhéanamh faoi na tosca seo.

Beidh impleachtaí costais ann d'ESA maidir le costais a bhaineann le próiseas nua a bhunú agus na costais athfhillteacha a bhaineann le bainistiú na mBinsí Cúinsí Eisceachtúla. Cinnteoidh an Roinn go dtabharfar cistiú dóthanach d'ESA lena chinntiú gur féidir an tseirbhís a chothabháil.

1.3 Príomhpháirtithe Leasmhara a rachfar i bhfeidhm orthu (m.sh. baill foirne, úsáideoirí seirbhíse fíora nó féideartha, eagrais eile de chuid na hearnála poiblí, grúpaí deonacha agus pobail, ceardchumainn/eagrais ghairmiúla nó eagrais de chuid na hearnála príobháidí)

Is iad an Roinn Oideachais, Na Boird Oideachais agus Leabharlann (faoi láthair), ESA, scoileanna agus teaghlaigh na priomhpháirtithe leasmhara. D'fhéadfadh cuid mhór eagras eile, áfach, bheith páirteach ar imeall an phróisis, ar a n-áirítear gan bheith teoranta do, Seirbhísí Sóisialta, Proifisiúnaigh Mhíochaine agus grúpaí comhairle do shaoránaigh.

1.4 Cé atá freagrach as (a) ceapadh agus (b) cur i bhfeidhm an pholasaí .i. an RO atá i gceist nó Roinn de chuid Whitehall, AE srl?

- **Cad é an gaol?**
- **An bhfuil machnamh déanta ar cheisteanna comhionannais?**

Tá an Roinn Oideachais freagrach as nós imeachta agus bunreacht na mBinsí Cúinsí Eisceachtúla a rialú agus as sainmhíniú ar chúinsí eisceachtúla. Eiseoidh agus athbhreithneoidh sí treoir maidir le comhlíonadh dhualgais na mBinsí de reir mar is cuí. Beidh ESA freagrach as eagrú laethúil na mBinsí. D'fhéadfaí go ndéanfadh ESA Measúnú Tionchair Comhionannais iomlán maidir leis an dóigh a mbainisteofar an próiseas.

1.5 <u>Polasaithe/cinntí eile a théann i bhfeidhm ar an pholasaí/cinneadh seo</u>

- **cad iad?**
- **cé leis iad?**
- **An bhfuil nasc ar bith ann le ranna eile de chuid TÉ/NDPBanna?**

Is próiseas úrnua é an Próiseas Cúinsí Eisceachtúla a chomhlánóidh an dá bhealach eile go hiar-bhunscolaíocht; an gnáthbhealach aistrithe agus an próiseas ráitis. Cuireann sé seirbhís ar fáil nach dtig le ceachtar den dá bhealach eile a chur ar fail. Tá an Roinn freagrach as an dá pholasaí seo. Tá na Boird Oideachais agus Leabharlann (ESA roimh i bhfad) freagrach as feidhmiú na bpolasaithe seo i dtéarmaí praiticiúla.

D'fhéadfadh naisc a bheith ag an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí leis an phróiseas óir d'fhéadfadh ionchur ó phroifisiúnaigh mhíochaine, ó Sheirbhísí Sóisialta agus ó Ghníomhaireachtaí Leasa eile bheith i gceist maidir le hiarratais ar na Binsí.

2) AN POLASAÍ/CINNEADH A SCAGADH

2.1 I dtéarmaí grúpálacha faoi Alt 75, cé hiad na daoine a dtéann an polasaí/cinneadh i bhfeidhm orthu?

Mar gheall ar an phróiseas cúinsí eisceachtúla, daltaí nach mbeadh ábalta go dtí seo áit a fháil sa scoil a gcaithfidh siad freastal uirthi, beidh bealach nua ar fáil dóibh áit a fháil sa scoil sin. Beidh ESA freagrach as na socruithe trína mbeidh fáil ag tuismitheoirí agus ag páistí ar an phróiseas cúinsí eisceachtúla agus d'fhéadfadh siad EQIA a chomhlánú orthu seo. Cinnteoidh an Roinn go gcuirfidh ESA na socruithe seo i dtoll a chéile agus ábharthacht ar leith i gceist do ghrúpaí Alt 75.

Tá, áfach, deis chomhionann shaor ó laincisí ag gach grúpa ábhartha Alt 75 iarratas a chur isteach ar Bhinse Cúinsí Eisceachtúla agus go ndéanfaidh an Binse a gcás a mheas. Beidh de dhiscréid ag an Bhinse, ar painéal de phroifisiúnaigh é, le comhairle de réir mar is cuí ó réimse leathan de dhaoine a bhfuil saineolas breise acu, agus taobh istigh de na laincisí a chuireann na Rialúcháin a bhunaigh an Roinn air, gach cás a mheas ar bhonn a fheabhais féin agus cinneadh a dhéanamh cé acu ba chóir nó nár chóir áit a thabhairt don dalta áirithe sin sa scoil a d'ainmnigh siad mar an aon scoil fhóirsteanach amháin faoi na cúinsí eisceachtúla ina bhfuil siad.

Sa chomhthéacs seo agus mar gheall ar nádúr na gcúinsí atá eisceachtúil agus mar sin de, doiligh a shainmhíniú roimh ré, tá sé iontach doiligh ag an Roinn miondealú a dhéanamh ar na cineálacha daltaí a d'fhéadfadh iarratas a chur isteach ar an phainéal. Déanfar monatóireacht dhian ar na hiarratais, áfach, éiríodh leo nó nach n-éiríodh, agus tabharfaidh an Roinn agus ESA aird ar leith ar eispéireas ghrúpaí Alt 75 lena chinntiú go ndéanfar an próiseas a choigeartú más gá agus go ndéanfar sin chomh gasta agus is féidir.

Grúpa	***Tabhair mionsonraí le do thoil***
Inscne	Ag an phointe seo ní fios cén miodealú inscne a bheidh i gceist maidir le hiarratais ar an Bhinse. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios gur dóichí inscne amháin seachas a chéile iarratas a chur isteach.
Aois	Tá an próiseas oscailte do gach dalta a thiteann taobh istigh d'uasteorainn na haoise scoile éigeantaí. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé seo gur ar son daltaí dar aois 11-16 bliana a dhéanfar formhór na n-iarratas.
Reiligiún	Ag an phointe seo ní fios cén miodealú reiligiúin a bheidh i gceist maidir le hiarratais ar an Bhinse. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios gur dóichí reiligiún amháin seachas a chéile iarratas a chur isteach.
Dearcadh Polaitiúil	Ag an phointe seo ní fios cén miodealú dearcthaí polaitiúla a bheidh i gceist maidir le hiarratais ar an Bhinse. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios gur dóichí dearcadh amháin seachas a chéile iarratas a chur isteach.
Stádas Pósta	D'fhéadfaí iarratais a fháil ón líon beag daltaí atá pósta ag aois 16.
Stádas ó thaobh cleithiúnaithe de	Is dócha gur mhaith le roinnt cúramóirí óga iarratas a chur isteach ar an Bhinse.
Míchumas	Ní féidir iarratas a chur isteach ar an Bhinse ar son daltaí a bhfuil míchumas orthu agus ráiteas acu óir tá siad taobh amuigh de na Nósanna Imeachta Iontrála Oscailte agus Aistrithe agus tá bealach eile ar fad acu chun na hiar-bhunscolaíochta. D'fhéadfadh líon beag daltaí míchumas cláraithe a bheith orthu ach gan ráiteas acu agus tig leis an Bhinse a gcásanna a éisteacht. Ní féidir an líon seo daltaí nó nádúr an mhíchumais a bheadh orthu a thuar óir tá ráiteas ag formhór mór na ndaltaí a bhfuil míchumas orthu.
Eitneacht	Ní fios cén miodealú eitneachta a bheidh i gceist maidir le hiarratais ar an Bhinse. Níl aon fhianaise ann a thugann le

	fios gur dóichí eitneacht amháin seachas a chéile iarratas a chur isteach.
Claonadh Gnéasach	D'fhéadfaí iarratais a fháil ar son daltaí beag beann ar chlaonadh gnéasach.

2.2 An bhfuil aon léiriú nó fianaise ann gur mó nó gur lú an rannpháirtíocht nó an glacadh ag grúpaí difriúla?

Grúpa	***Tá/Níl/ Ní fios***	***Tabhair mionsonraí le do thoil***
Inscne	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rannpháirtíocht éagsúil ann ó thaobh inscne de.
Aois	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh taobh istigh den raon aoise sonraithe ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rannpháirtíocht éagsúil ann ó thaobh aoise de. Beidh bunús na n-iarratasóirí idir 11-16 bliana d'aois. Is dócha gur ar son daltaí atá 11 bhliain d'aois agus atá páirteach sa nós imeachta aistrithe bunscoil go hiar-bhunscoil a bheidh bunús na n-iarratas ar na Binsí.
Reiligiún	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rannpháirtíocht éagsúil ann ó thaobh reiligiúin de.
Dearcadh	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar

Polaitiúil		ghlacadh ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rannpháirtíocht éagsúil ann ó thaobh dearcadh polaitiúil de.
Stádas Pósta	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. D'fhéadfaí iarratais a fháil ón líon beag daltaí atá pósta ag aois 16 bliana ach is ar son daltaí nach bhfuil pósta a bheidh, is dócha, formhór mór na n-iarratas.
Stádas ó thaobh Cleithiúnaithe de	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil ach is dócha gur cleithiúnaithe iad gach iarratasóir. Is dócha gur cúramóirí óga iad líon beag iarratasóirí.
Míchumas	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. Tá ráiteas ag formhór mór na ndaltaí a bhfuil míchumas orthu ach tá líon beag ann nach bhfuil ráiteas acu agus thiocfadh leo iarratas a dhéanamh.
Eitneacht	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rátaí rannpháirtíochta níos airde ann de réir eitneachta cé gur dócha go bhfaighfear iarratais ó na grúpaí eitneacha uile atá sa chóras oideachais.
Claonadh Gnéasach	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl staitisticí ar rannpháirtíocht ná ar ghlacadh ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbeadh rannpháirtíocht éagsúil ann ó thaobh claonadh gnéasach de.

2.3 An bhfuil aon leiriú nó fianaise ann go bhfuil riachtanais, eispéiris, saincheisteanna nó tosaíochtaí difriúla ag grúpaí difriúla maidir le polasaí/cinneadh?

Níl fianaise ar bith ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach ar ghrúpaí difriúla mar thoradh ar an phróiseas. Léirigh na freagairtí comhairliúcháin ó Thuarascáil Costello agus ó Threoir Aistrithe 2010 gur thacaigh cuid mhór freagróirí leis an phróiseas Cúinsí Eisceachtúla agus léirigh gur chuir sé go dearfach leis na socruithe Aistrithe do gach dalta. D'iarr roinnt freagróirí go ndeimhneofaí go n-áireofaí grúpaí áirithe sa phróiseas. Cuireann na Rialúcháin, mar a dhréachtaigh an Roinn iad, ar chumas gach grúpa acu seo iarratas a chur isteach ar an phróiseas ar bhonn comhionann le gach iarratasóir eile.

Grúpa	***Tá/Níl/ Ní fios***	***Tabhair mionsonraí, le do thoil***
Inscne	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir na hinscní.
Aois	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir aoise. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl. Beidh a dtuismitheoir nó a gcúramóir agus ionadaí a roghnaíonn a dtuismitheoir nó a gcúramóir i dteideal freastal ar éisteachtaí an Bhinse más mian leo.
Reiligiún	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir reiligiúin.

Dearcadh Polaitiúil	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir dearcadh polaitiúil.
Stádas Pósta	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir stádas pósta. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl. Beidh a dtuismitheoir nó a gcúramóir agus ionadaí a roghnaíonn a dtuismitheoir nó a gcúramóir i dteideal freastal ar éisteachtaí an Bhinse más mian leo; d'fhéadfadh céile an dalta a bheith i láthair, más cuí.
Stádas ó thaobh Cleithiúnaithe de	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir stádas ó thaobh cleithiúnaithe de. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl. Beidh a dtuismitheoir nó a gcúramóir agus ionadaí a roghnaíonn a dtuismitheoir nó a gcúramóir i dteideal freastal ar éisteachtaí an Bhinse más mian leo, d'fhéadfaí go n-áireofaí orthu seo duine a ainmníodh le bheith i láthair ar son tuismitheoir nó churámóir an dalta mura bhfuil an duine sin ábalta bheith i láthair. Más mian leis an tuismitheoir nó leis an chúramóir bheith i láthair agus má tá gá le socruithe ar leith rochtana, cuirfear ar fáil iad.
Míchumas	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir

		míchumais. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl. Beidh a dtuismitheoir nó a gcúramóir agus ionadaí a roghnaíonn a dtuismitheoir nó a gcúramóir i dteideal freastal ar éisteachtaí an Bhinse más mian leo. Má tá gá le socruithe ar leith rochtana, cuirfear ar fáil iad.
Eitneacht	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir eitneachta. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl. Beidh a dtuismitheoir nó a gcúramóir agus ionadaí a roghnaíonn a dtuismitheoir nó a gcúramóir i dteideal freastal ar éisteachtaí an Bhinse más mian leo. D'fhéadfaí go n-áireofaí ateangaire orthu seo más rud é nach é an Béarla céad teanga an teaghlaigh, nó duine a bhfuil cur amach aige/aici ar riachtanais a bpobail más teaghlach de chuid an lucht taistil é
Claonadh Gnéasach	Ní fios	Is próiseas úrnua é seo nárbh ann dó cheana agus, mar sin de, níl fianaise ar bith ar riachtanais dhifriúla iarratasóirí ar fáil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go ndéanfar difreálú diúltach idir iarratasóirí de réir claonadh gnéasach. Beidh deis ag daltaí a dtuairimí féin a chur in iúl.

2.4 An bhfuil sé dóchúil go bhfreastalóidh an polasaí/cinneadh ar na riachtanais sin?

Grúpa	*Tá/Níl/ Ní fios*	*Tabhair mionsonraí go hachomair, le do thoil*
Gach grúpa ábhartha Alt 75	Tá	Níl fianaise ar bith ann a thabharfadh le fios nach mbeidh na Binsí Cúinsí Eisceachtúla in ann freastal ar riachtanais gach teaghlaigh atá i ngrúpaí alt 75. D'fhéadfadh na socruithe a rinne ESA agus trína mbeidh rochtain ag tuismitheoirí agus ag páistí ar an phróiseas cúinsí eisceachtúla teacht faoi réir EQIA más cuí. Cinnteoidh an Roinn go gcruthaíonn ESA na socruithe seo le haird ábhartha ar leith ar ghrúpaí alt 75. Athbhreithneofar agus coigeartófar an próiseas de réir mar a bhíonn gá lena leithéid.
N.B. Lean ar aghaidh mar is cuí		

2.5 Cén t-aiseolas agus cé na gearáin, staitisticí, suirbhéanna, tuairiscí taighde, comhairliúcháin a rinneadh cheana nó cén t-eolas breise atá ar fáil le tionchar an pholasaí/na feidhme seo a mheas agus a scagadh?

Na freagairtí ar chomhairliúchán Costello agus moltaí Costello, na freagairtí ar an chomhairliúchán Aistriú 2010 agus na freagairtí ar an chomhairliúchán EQIA ar phróiseas Aistrithe 2010, eolas ginearálta oibre ag an Fhoireann Rochtana Scoile.

2.6 An bhfuil deis ann le comhionannas deiseanna nó dea-chaidrimh a chur chun cinn tríd an pholasaí/cinneadh a athrú nó trí obair le daoine eile sa rialtas nó sa phobal is leithne?

Grúpa	*Moltaí*

Aois	Cinntíonn na Rialúcháin cheana féin go dtig leis an Bhinse tuairimí an pháiste a mheas.
Eitneacht	Tá thart faoi 7,000 páiste nuathagtha cláraithe i nDaonáireamh Scoile 2008. Comhairleoidh an Roinn d'ESA, mar sin de, smaoineamh ar sheirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta do thuismitheoirí páistí nuathagtha ar mian leo an tseirbhís a rochtain. Chomh maith leis sin, molann RO go n-áiríonn ESA an tSeirbhís Chuimsithe agus Ilchineálachta agus iad ag cur an bhealaigh seo chun cinn do pháistí nuathagtha áit a bhféadfaí cúinsí eisceachtúla bheith i gceist. Lucht taistil: tá fianaise starógach ann go bhfuil an ráta neamhlitearthachta i measc an lucht taistil an-ard, mar a deirtear i dtuarascáil an Choimisiúin Chomhionannais: *Mainstreaming Equality of Opportunity for Travellers in Education* (Aibreán 2006). Comhairleoidh RO d'ESA gur chóir smaoineamh ar an dóigh a dtig le tuismitheoirí neamhlitearthacha an tseirbhís a rochtain. Chomh maith leis sin, ba chóir an tseirbhís a chur chun cinn i measc phobal an Lucht Taistil - d'fhéadfaí é seo a dhéanamh trí na Grúpaí Tacaíochta don Lucht Taistil i ngach ceantar nó trí sheirbhís Lucht Taistil na mBord/ESA. Go ginearálta: Mholfadh RO go gcinnteodh Binsí atá ag éisteacht cásanna do pháistí de chuid mionlaigh eitnigh ar a n-áirítear Lucht Taistil nó páistí nuathagtha, go bhfuil daoine a bhfuil oiliúint feasacht chultúrtha orthu i láthair le cuidiú leis an Bhinse cinneadh cothrom a dhéanamh.
N.B. Lean ar aghaidh mar is cuí	

2.7 Cé na hathruithe ar an pholasaí/cinneadh –má tá a leithéid i gceist agat – nó cé na bearta breise a mholfá lena chinntiú go gcuireann sé dea-chaidrimh chun cinn?

Grúpa	***Moltaí***
Reiligiún	Déanfar monatóireacht ar gach iarratas ar Bhinsí Cúinsí Eisceachtúla maidir le grúpaí Alt 75. Iarrfar aiseolas ar gach úsáideoir seirbhíse. Úsáidfear an fhianaise seo lena chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom, furasta a rochtain ag gach grúpa agus go gcinntíonn sé comhionannas torthaí do gach iarratasóir.
Dearcadh	Déanfar monatóireacht ar gach iarratas ar Bhinsí Cúinsí Eisceachtúla maidir le grúpaí Alt 75. Iarrfar aiseolas ar gach

Polaitiúil	úsáideoir seirbhíse. Úsáidfear an fhianaise seo lena chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom, furasta a rochtain ag gach grúpa agus go gcinntíonn sé comhionannas torthaí do gach iarratasóir.
Eitneacht	Déanfar monatóireacht ar gach iarratas ar Bhinsí Cúinsí Eisceachtúla maidir le grúpaí Alt 75. Iarrfar aiseolas ar gach úsáideoir seirbhíse. Úsáidfear an fhianaise seo lena chinntiú go bhfuil an próiseas cothrom, furasta a rochtain ag gach grúpa agus go gcinntíonn sé comhionannas torthaí do gach iarratasóir.

2.8 An bhfuil fianaise ar bith ann nó ar leirigh comhairliúcháin a rinneadh roimhe le grúpaí, eagrais nó daoine aonair ábhartha go gcruthaíonn polasaithe áirithe fadhbanna a bhaineann go sainiúil leo féin?

Níl fianaise ar bith ann a thabharfadh le fios go mbeidh fadhbanna áirithe ag grúpaí difriúla mar thoradh ar an phróiseas. Léirigh na freagairtí comhairliúcháin ó Thuarascáil Costello agus ó Threoir Aistrithe 2010 gur thacaigh cuid mhór freagróirí leis an phróiseas Cúinsí Eisceachtúla agus léirigh gur chuir sé go dearfach leis na socruithe Aistrithe do gach dalta. D'iarr roinnt freagróirí go ndeimhneofaí go n-áireofaí grúpaí áirithe sa phróiseas. Cuireann na Rialúcháin, mar a dhréachtaigh an Roinn iad, ar chumas gach grúpa acu seo iarratas a chur isteach ar an phróiseas ar bhonn comhionannais le gach iarratasóir eile.

2.9 Tabhair mionsonraí, le do thoil, ar na sonraí a bhaileoidh tú feasta le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an pholasaí/cinneadh ar ghrúpa ar bith de chuid Alt 75?

Comhairleoidh an Roinn Oideachais d'ESA sonraí a bhailiú a bhaineann leis na grúpaí ábhartha Alt 75 maidir le gach iarratas ar an tseirbhís chomh maith le hiarratais ar an tSeirbhís a n-éiríonn agus nach n-éiríonn leo araon ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh go mion ar an eolas seo agus gur féidir é a úsáid le heolas a thabhairt ar athbhreithnithe ar pholasaí agus ar rialúcháin a dhéanfar amach anseo. Is dócha go n-áireofar ar an mhonatóireacht seo eolas a iarraidh ar iarratasóirí faoina reiligiún, dearcadh polaitiúil, grúpa eitneach, míchumas agus stádas ó thaobh cleithiúnaithe de. Is iondúil go mbaileofar eolas ar inscne agus ar aois an dalta fosta.

(3) AR CHÓIR GO MBEADH AN POLASAÍ/CINNEADH FAOI RÉIR MEASÚNÚ TIONCHAR COMHIONANNAIS?

Tá nósanna imeachta measúnú tionchar comhionannais teoranta do na polasaithe/cinntí sin a meastar go mbeidh impleachtaí móra/suntasacha ag baint leo maidir le comhionannas deiseanna.

Má léirigh do scagadh gur dócha go mbeidh drochthionchar difreálach ag polasaí/cinneadh, cad é mar a dhéanfá é a chatagóiriú?

Tá sainaitheanta ag an scagadh a rinne muid gur dócha nach mbeidh tionchar difreálach ar bith ann.

Ticeáil, le do thoil.

Tionchar mór/suntasach	Ní/Bh
Tionchar íseal	Ní/Bh

An bhfuil tú den tuairim gur gá an polasaí/cinneadh seo a bheith faoi réir measúnú iomlán tionchar comhionannais?

Tá	
Níl	✔

Tabhair fáthanna le do chinneadh, le do thoil.

San am i láthair tá an Roinn i gcomhairle faoi na dréacht-rialúcháin a shainmhíoníonn cúinsí eisceachtúla agus a rialaíonn nós imeachta agus bunreacht na mBinsí. Ní fheictear don Roinn go mbeidh tionchar diúltach difreálach ag na socruithe seo ar ghrúpa áirithe amháin seachas a chéile. Dáiríre, sa mhéid go mbeidh bealach ag roinnt páistí chun na hiar-bhunscoile ar gá dóibh freastal uirthi mar gheall ar a gcúinsí, is dearfach amháin a bheidh tionchar na rialúchán seo.

I bhfreagairtí comhairliúchán a rinneadh roimhe, shainaithin grúpaí eagsúla an gá a bhí leis an sainmhíniú is cóngaraí agus is féidir ar nádúr cúinsí eisceachtúla. Chinn an Roinn gur chóir do na rialúcháin a oiread discréide agus is féidir a cheadú do Bhinsí Cúinsí Eisceachtúla. Sainmhíníonn na rialúcháin cúinsí eisceachtúla ar dhóigh a aithníonn, ar deireadh thiar, nach féidir na cúinsí seo a réamh-mheas go

hiomlán agus gur ann dóibh de réir breith Binse.

Ciallaíonn sé seo nach féidir tionchar fíor an nós imeachta nua a réamh-mheas ach amháin go gcuireann an Nós Imeachta Cúinsí Eisceachtúla modh aistrithe go hiar-bhunscolaíocht ar fáil atá thar a bheith oiriúnach do pháistí atá i 2 Ghrúpa Alt 75 (páistí ar cúramóirí iad agus páistí a bhfuil míchumas orthu ach nach bhfuil ráiteas acu). Ach aris eile, áfach, ag cur san áireamh go gcuirfidh an nós imeachta nua le haistriú bunscolaíochta nós imeachta a dhíríonn ar fhreagairt bháúil ar shainriachtanais, is dearfach amháin a bheidh an tionchar.

Chomh maith le nádúr cúinsí eisceachtúla a shainmhíniú, sainíonn na Rialúcháin go dtarraingeofar na Binsí a cheaptar le cúinsí eisceachtúla a mheas ó phainéal saineolaithe i réimse leas páistí agus ó shaineolaithe cáilithe dlí. Ba chóir go mbeadh an saineolas seo ina chuidiú lena chinntiú go bhfuil na cinntí cothrom agus bunaithe go maith ar eolas.

Má éiríonn le hiarratas is é an toradh a bheidh air seo an Binse a rá leis an scoil áit a thabhairt don dalta. Dalta foruimhreach a bheidh ann. I gcomhairliúcháin a rinneadh roimhe, bhí grúpaí éagsúla imníoch faoin ghné seo den phróiseas. Chinn an Roinn, áfach, gurb é seo an t-aon dóigh chothrom lena chinntiú go dtig leis na daltaí seo áit a fháil i gcónaí sa scoil ar gá dóibh freastal uirthi. Is é dearcadh na Roinne gur chóir go mbeadh líon na gcásanna a n-éiríonn leo an-bheag go díreach mar atá nádúr cúinsí eisceachtúla.

Oibreoidh an Roinn i gcomhpháirt le ESA lena chinntiú go mbeidh machnamh déanta ar chomhionannas do Ghrúpaí Alt 75 agus na socruithe uile á gcur i dtoll a chéile ag ESA agus go mbeidh siad faoi réir EQIA más cuí.

(4) LEITHCHEAL AR BHONN MÍCHUMAIS

4.1 An spreagann an polasaí/cinneadh mímhisneach ar dhóigh ar bith i measc daoine a bhfuil míchumas orthu bheith páirteach sa saol poiblí nó an dteipeann air dearcthaí dearfacha ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu a chur chun cinn?

Ní spreagann. Mar a mhínítear in 1.2, cé go bhfuil nós imeachta seanbhunaithe ag an chóras reatha iontrála iar-bhunscolaíochta le freagairt do riachtanais oideachais páistí a bhfuil ráiteas Sainriachtanais Oideachais acu, níl nós imeachta ann a dtig leis, maidir le socrúchán in iar-bhunscoil, freagairt do riachtanais dhoshéanta eisceachtúla páistí gan ráiteas. Cuirfidh an próiseas nua cúinsí eisceachtúla é seo ar fáil. Beidh fáil chothrom, chomhionann ag páistí gan ráiteas, bíodh míchumas orthu nó ná bíodh, ar an phróiseas seo. Tabharfaidh na dréacht-rialúcháin atá ar intinn ag RO maidir le rialú chinntí Binsí Cúinsí Eisceachtúla an discréid chéanna i gcásanna gach páiste den chineál seo: Is é an bhreith thábhachtach a chuireann na rialúcháin d'iallach ar Bhinsí den sórt a dhéanamh – cé acu is gá nó nach gá, mar gheall ar a c(h)úinsí féin, do pháiste freastal ar scoil ar leith. Sampla de seo, go bhfuil an scoil cóngarach d'ionad míochaine a gcaithfidh an páiste freastal air go rialta.

4.2 An bhfuil deis ann dearcthaí dearfacha ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu a chur chun cinn níos fearr nó iad a spreagadh le bheith páirteach sa saol poiblí trí athruithe a dhéanamh ar an pholasaí/cinneadh nó trí bhearta breise a thabhairt isteach?

Ní léir deis den sórt a bheith ann faoi láthair. Tá an fhéidearthacht dhearfach a bhaineann leis an nós imeachta le fáil sa dóigh a dtugann na rialúcháin disréid do na Binsí Cúinsí Eisceachtúla.

4.3 Tabhair mionsonraí, le do thoil, ar na sonraí a bhaileoidh tú feasta le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an pholasaí/cinneadh maidir le dualgais míchumais

Comhairleoidh an Roinn d'ESA sonraí a bhailiú ó gach iarratasóir ar an phróiseas agus maidir le hiarratasóirí a n-éiríonn nó nach n-éiríonn leo araon, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil míchumas ar an iarratasóir, nádúr an mhíchumais agus tuairimí an iarratasóra a iarraidh maidir le luacháil na seirbhíse a fuair siad.

(5) CEARTA AN DUINE A MHEAS

5.1 An dtéann an polasaí/cinneadh i bhfeidhm ar Chearta an Duine? [COMHLÁNAIGH AN TÁBLA THÍOS]

AIRTEAGAL	TIONCHAR DEARFACH	TIONCHAR DIÚLTACH = cuireadh isteach ar nó cuireadh bac ar cheart	TIONCHAR NEODRACH
Airteagal 2 – Ceart chun na beatha			✔
Airteagal 3 –Ceart saoirse ó chéasadh, ó tháiríde nó ó phionós neamhdhaonna	✔		
Airteagal 4 –Ceart saoirse ó sclábhaíocht, ó dhaoirse nó ó shaothar éigeantach			✔
Airteagal 5 –Ceart saoirse agus slándáil an duine.	✔		
Airteagal 6 –Ceart ar thriail chothrom phoiblí taobh istigh d'am réasúnta.			✔
Airteagal 7 –Ceart saoirse ó dhlí coiriúil iarghabhálach agus gan aon phionós gan dlí.			✔
Airteagal 8 –Ceart chun meas ar shaol príobháideach agus teaghlaigh, ar bhaile agus ar chomhfhreagras			✔
Airteagal 9 –Ceart saoirse smaointe, coinsiasa agus reiligiúin	✔		
Airteagal 10 –Ceart saoirse tuairimíochta	✔		
Airteagal 11 –Ceart saoirse comhthionóil agus comhlachais			✔
Airteagal 12 –Ceart chun pósadh agus			✔

teaghlach a chur ar bun			
Airteagal 14 –Toirmeasc ar leithcheal maidir le cearta an choinbhinsiúin			✔
1ú prótacal Airteagal 1 –Ceart sult síochánta seilbhe agus cosaint maoine			✔
1ú prótacal Airteagal 2 –Ceart rochtana ar oideachas	✔		

Más dearfach nó dúltach an tionchar a shainaithin tú, gabh ar aghaidh chuig ***Ceist 5.3****.*

5.2 Má shainaithin tú tionchar dóchúil diúltach, cé ar a dtéann sé i bhfeidhm agus cén dóigh?

Ag an phointe seo, molaimid go dtéann tú i gcomhairle le do bhainisteoir líne lena shocrú ar chóir comhairle dhlíthiúil a fháil agus an cheist a chur faoi bhráid an Aonaid Treorach Comhionannais agus Comhordaithe lena meas:

- *an bhfuil dlí ann a chuireann ar do chumas cur isteach ar chearta nó bac a chur orthu?*
- *an bhfuil an cur isteach nó an bac seo riachtanach nó comhréireach?*
- *Cén beart a bheadh de dhíth leis an leibhéal cur isteach nó bac a laghdú leis an Acht um Chearta an Duine (1998) a chomhlíonadh?*

5.3 Tabhair breac-chuntas ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh le feasacht ar chearta an duine a chur chun cinn nó le comhlíonadh reachtaíochta atá bainteach leis an pholasaí/cinneadh a chinntiú.

Is féidir iarratais a chur isteach ar an Bhinse ar son daltaí a dtig leo a chruthú ar bhonn réasúnta gur gá dóibh freastal ar iar-bhunscoil ar leith le sárú ar chearta an duine a sheachaint agus gur féidir an cás seo a mheas taobh istigh de pharaiméadair an phróisis cúinsí eisceachtúla.

Polasaí/Cinneadh Arna scagadh ag*: PAUL PRICE (Ceann Brainse)

Dáta: 14 Meán Fómhair 2009

LE COMHLÁNÚ AG AN AONAD TREORACH COMHIONANNAIS AGUS COMHORDAITHE

Cáilíocht Deimhnithe ag: Richard Magowan Dáta: 14/09/09

Scagadh Amach Aontaithe

Tráchtanna: Náid

Dáta a Cuireadh in iúl don Bhrainse 14/09/09

Má Scagtar Amach:

Tús an Chomhairliúcháin: _____ Deireadh an Chomhairliúcháin:* _____

Arna Chur ar an Idirlíon ag: _____ Dáta: _____

Main Groups Relevant to the Section 75 Categories	
Category	**Main Groups**
Religious belief	Protestants; Catholics; people of non-Christian faiths; people of no religious belief
Political opinion	Unionists generally; Nationalists generally; members/supporters of any political party
Racial Group	White people; Chinese; Irish Travellers; Indians; Pakistanis; Bangladeshis; Black Africans; Black Caribbean people; people with mixed ethnic group
"Men and women generally"	Men (including boys); women (including girls); trans-gendered people
Martial status	Married people; unmarried people; divorced or separated people; widowed people
Age	For most purposes, the main categories are: children under 18, people aged between 18-65, and people over 65. However, the definition of age groups will need to be sensitive to the policy under consideration
"Persons with a disability"	Disability is defined as: A physical or mental impairment, which has a substantial and long-term adverse effect on a person's ability to carry out normal day-to-day activities as defined in Sections 1 and 2 and Schedules 1 and 2 of the Disability Discrimination Act 1995
"Persons with dependants"	Persons with personal responsibility for the care of a child; persons with personal responsibility for the care of a person with an incapacitating disability; persons with personal responsibility for the care of a dependant elderly person
Sexual orientation	Heterosexuals; bi-sexuals; gays; lesbians

Cuir cóip den Fhoirm Scagtha Chomhlánaithe ar aghaidh chuig:-

An tAonad Treorach Comhionannais agus Comhordaithe
Seomra G2, Teach Ráth Gael
Folíne 59686/59472
equality@deni.gov.uk